


# COMHAD FÍRICÍ: DRÁMAÍOCHT GCSE

## Comhpháirteanna 1 & 2



### Sainmhínte atá de dhíth leis an Amharclannaíocht a Thuiscint

#### Sainmhínte do 1a

##### Comhthéacs Sóisialta

Tá an comhthéacs sóisialta nasctha leis an tréimhse ama ar scríobhadh dráma ann agus go ginearálta, sainmhíonann sé na carachtair mar den lucht oibre, den mheánaicme nó den usaicme. Tosca seachtracha a imríonn tionchar ar an dráma, is cuid den chomhthéacs shóisialta iadsan fosta agus is féidir tosca ar nós cogadh, corraíl shóisialta nó dálaí maireachtála an ama a bheith san áireamh leo.

##### Comhthéacs Cultúrtha

Comhthéacs cultúrtha, baineann sé leis an dóigh a dtig le luachanna agus dearchtaí na tréimhse dul i bhfeidhm ar na rudaí a dhéanann carachtair sa dráma. Is féidir le bunús eitneach na gcarachtar tionchar a bheith aige fosta ar an dóigh a labhraíonn siad agus ar na rudaí a dhéanann siad agus ar fhorbairt an phlota. Is féidir le comhthéacs cultúrtha a bheith i gceist le réimse leathan rudaí – patrúnacht ríoga a bheith ag dráma nó tionchair an oideachais chuimsithigh, mar shampla.

##### Comhthéacs Stairiúil

Is é an comhthéacs stairiúil an cúlra don tréimhse ama a bhfuil an dráma suite ann agus tagraíonn sé don atmaisféar polaitíochta a dtig leis dul i bhfeidhm ar na carachtair agus ar an phlota chomh maith le fioreachtraí stairiúla.

##### Coinbhinsiúin na hAmharclannaíochta

Tá tosca na hamharclannaíochta ag tagairt don rud atá sainmhínte ag an drámadóir i dtéarmaí an chineál stáitsithe atá deartha don dráma. Tagraíonn siad do na buntosca nuair a léiríodh an dráma den chéad uair agus nuair a cuireadh i láthair lucht féachana é i bhfioramharclann nó i stíl stáitsithe ar leith.

##### Foirm agus stíl

Tá foirm ag tagairt don fhormaid ina gcuirtear téacs ar fáil, mar dhialóg ghinearálta, monalóg, délóg, féinuiríoll agus ensemble. Tá sé ag tagairt fosta do líon na n-aisteoirí ar scríobhadh an dráma dóibh sa chéad áit. Is féidir stíl a shainmhíniú mar an dóigh a ndéantar an dráma a thaibhiú agus a chur in iúl don lucht féachana agus is féidir smaointe a bheith ann amháil foirmiúil nó neamhfhoirmiúil, áibhéal, fisiciú, úsáid socrachta nó ardfhuinnimh.

##### Seánra

Tá seánra ag tagairt don chatagóir nó don chineál amharclannaíochta atá á chur i láthair. Ní féidir dráma a shainmhíniú i gcónaí mar sheánra sainiúil amháin ach go ginearálta, tá sé bunaithe ar choiméide agus/nó ar thraigéide agus forbraítear é faoi cheann amháin de na ceannteidil leathana sin. D'fhorbair 'Nádúrachas' mar sheánra d'aisteoireacht inchreidte suite in áit nádúrtha agus ba fhrithghníomh díreach é in éadan méaldrámaí na Victeoireach, ach tá réalachas ag tagairt do 'shlisín den bheatha' agus seans nach mbeadh ach seit teoranta nó seit ar bith de dhíth ar an aisteoireacht réalaíoch. Tugtar seánra 'neamhnadúraíoch' air seo anois.

### Teanga

Tá teanga ag tagairt do na focail a úsáidtear mar an téacs don dráma. Is minic a scríobhtar drámaí i gcanúint ar leith le suíomh agus le stádas na gcarachtar a léiriú. Is minic a scríobhann an drámadóir na focail de réir na foghraíochta le fírinne chaint na gcarachtar a cheapadh agus is minic a bhíonn teanga an phobail ann le pearsantacht an charachtair a shaihbriú. Is minic a bhíonn véarsaíocht gan rím i dteanga Shakespeare.

### Struchtúr

Tagraíonn struchtúr go díreach d'fhad agus d'am reatha an dráma. Cuimsíonn sé ranna sainiúla agus cruth an dráma, lena n-áirítear líon na radharcanna, na ngníomhartha, na n-eipeasóidí agus ba chóir dó tagairt do na deiseanna cuí den tsos, den oscailt agus úsáid an chuirín.

## Comhad Fíricí Athbhreithnithe Ar Amharclannaíocht – Sainmhínithe a bhaineann le Soilsíú, Seit, Fuaim: 1(b)

### Soilsíú:

Is é is soilsíú stáitse ann, ceird an tsoilsithe de réir mar a bhaineann sé le léiriú san amharclann. Is féidir na cineálacha éagsúla soilsithe a úsáid le héifeachtaí éagsúla a chur i gcrích, ach ar mhaithe le cuspóirí Drámaíocht GCSE, ba chóir go mbeadh a fhios ag daltaí go bhfuil 3 phríomhchineál lampa ann – tuilsoilse (don tsoilsíú ghinearálta), soilse próifíle (le héifeacht níos crua-imeallaí a fháil agus lionsaí *Fresnel* (le héifeacht bhog-imeallach a fháil) agus ar na mallaibh, tá úsáid na LEDanna ag éirí níos coitianta. Ba chóir go mbeadh siad ábalta tagairt a dhéanamh do dhath agus d'úsáid glóthaí, déine agus na héifeachtaí a bhaintear amach le góbó agus spotaí a leanúint agus na héifeachtaí ar an tsoilsíú nuair a úsáidtear meaisíní ceo/oighear tirim.

### Seit:

Is ionann seit stáitse agus radharcra agus feisteas stáitse cóirithe fá choinne radhairc ar leith i ndráma. Is minic a thabharfaidh an drámadóir mionsonra nó moltaí éigin faoin rud atá de dhíth. I roinnt cásanna, dearadh an seit do chéim ar leith m.sh. stáitse forstua. Seit an stáitse, is léiriú é ar an radharcra agus ar na fearais eile a úsáidtear le suíomh léiriúchán an dráma a shainaithint. B'fhéidir go mbeadh seit iomlán lánsonraithe ann, mar atá i gcás 'seit seomra' nó b'fhéidir nach bhfuil ann ach cur i gcéill den tsuíomh agus úsáid gné shimplithe den tseit agus i gcásanna áirithe, b'fhéidir nach mbeadh ann ach léiriú teibí nó siombalach. Ní mór do dhaltaí oibriú ó thagairtí an drámadóra ar sheit agus aon athruithe atá siad ag iarraidh a dhéanamh a chosaint.

### Fuaim:

Is minic a amharctar ar fhuaim stáitse mar cheol teagmhasach a chruthaítear go saorga ag úsáid próisis fuaim le héifeacht, le giúmar nó atmaisféar a chruthú nó le béim a chur ar inneachar ealaíonta ar stáitse. Is féidir í a úsáid ag an tús, ag an deireadh nó le linn radharcanna. Déantar éifeachtaí fuaim a chruthú go saorga le héifeacht dhrámatúil a fheabhsú agus is féidir é a ghiniúint ó fhoinsí ar líne, ceannaithe ó chomhlachtaí speisialaithe nó cruthaithe beo ar an stáitse nó ar shiúl ón stáitse. B'fhéidir gur mhaith le daltaí a gcuid éifeachtaí fuaim féin a chruthú agus a úsáid.

## Sainmhínithe d'Éadaí – Ceist 2(a) agus (b)

**2a – Feistis don stáitse** – éadaí a úsáideann aisteoirí ar stáitse. B'fhéidir gur dearadh iad agus go ndearnadh go sainiúil iad don charachtar nó go mbailítear iad agus go socraítear iad go sainiúil don charachtar. Ba chóir dóibh aois, ról inscne, gairm, aicme shóisialta, pearsantacht an charachtair a léiriú agus bheith ag teacht leis an stair nó leis an tréimhse/ré. Ós rud é go bhfuil an cheist ag tagairt d'am ar leith sa dráma, ba chóir go léireodh an feisteas suíomh tíreolaíochta, séasúr agus an t-am den lá.

Ba chóir gur leathanach A4 atá **sa sceitse** agus ba chóir gur léiriú simplí é ar chruth an choirp. Tá imlíne ar a laghad de dhíth agus tá anótáil riachtanach. Ní mór do dhaltaí cosaint a sheachaint sa chuid seo den fhreagra agus ba chóir go mbeadh tagairtí don tréimhse, don stádas sóisialta, don dath, don chruth, do na hábhair, don smideadh agus d'oiriúintí sna nótaí.

**Tréimhse** – ba chóir go léireodh an feisteas an t-am agus an suíomh a bhfuil dráma suite ann agus ar chéad taibhíodh é. B'fhéidir gur mhaith le daltaí an tréimhse ina bhfuil an dráma suite a athrú ach má shocraíonn siad ar thréimhse an dráma a athrú, ansin ní mór bheith ábalta an t-athrú sin a chosaint go soiléir.

### Stádas sóisialta

- (1) ísealaicme/lucht oibre; mar charachtair ó theaghlaigh oibre, m.sh. Juno ó *Juno and the Paycock*, Proctor ó *The Crucible*, SB ó *Philadelphia, Here I Come*, Mickey ó *Blood Brothers* nó Carol ó *Sparkleshark*.
- (2) Meánaicmeach; mar theaghlaigh 'bóna bán' nó den mheánaicme, m.sh. Judge Hathorne ó *The Crucible* nó Mrs Lyons ó *Blood Brothers*.
- (3) Uasaicmeach – mar dhaoine a bhfuil teideal onóra orthu, m.sh. Duke Theseus in *A Mid-summer Night's Dream*.

### Dath, Cruth, Ábhair

Tá **dath** ag tagairt do réimse iomlán na ndathanna agus na líocha is féidir a úsáid don fheisteas.

Tá **cruth** ag tagairt d'fhad na sciortaí, na muinchillí, na gcótaí, na gcasóg srl. Tá **cruth** ag tagairt do struchtúr an fheistis, mar shampla, coim chaol, guailí leathana, muineál íseal srl.

**Ábhair**, tagraíonn seo don éadach nó don fhabraic féin amhail broicéad, veilbhit, línéadach, cadás, níolón, poileistear, síoda, sról, lása, bróidnithe srl.

**Smideadh** agus **oiriúintí** – tá seo ag tagairt do dhath aghaidhe agus seodra simplí atá riachtanach don charachtar amhail fáinne pósta, uaireadóir nó sainchineál seodra. Is féidir oiriúintí simplí coinnithe sa lámh a chur isteach le tacú leis an tsuíomh, m.sh. mála láimhe, ciarsúr, bréagán srl.

## Ceist 2 (b) Cosaint

Beifear ag dúil le daltaí bheith ábalta na smaointe uilig a bhfuil tagairt déanta acu dóibh i gceist 2 (a) a chosaint. Ní mór dóibh fáthanna a chur ar fáil leis an rogha a rinne siad maidir le gach gné den fheisteas. Beidh dáta ar leith d'fhaisean na tréimhse atá á léiriú de dhíth don tréimhse, stádas sóisialta, dath, cruth, éadach, smideadh agus oiriúintí don fheisteas agus ba chóir go mbeadh sé nasctha le stádas sóisialta, suíomh, séasúr agus am den lá agus tagairt á déanamh don am ar leith atá i gceist.

Ba chóir an sliocht a roghnú ón am ar leith ar tugadh breac-chuntas air sa cheist agus ba chóir dó bheith ceangailte go díreach leis an fheisteas don charachtar trí thráchtairacht chuí.

## Ceist 3 (a) – Sainmhínithe do Phlean Stáitse – (Amharc ar an ghluais)

Is é is plean stáitse ann, radharc anuas ar chruth an stáitse. Ba chóir go mbeadh na rudaí seo ann:

- bealaí amach/bealaí isteach;
- suíomh an lucht féachana;
- bunseit atá de dhíth do shliocht gairid;
- ag brath ar an stáitse roghnaithe, b'fhéidir go gcuimseodh sé timléargas (*cyclorama*) fosta.

(taispeántar taobh deas an stáitse agus taobh clé an stáitse i gcónaí ó pheirspictíocht an aisteora ina sheasamh ar an stáitse agus ag amharc amach ar an lucht féachana).

B'fhéidir go gcuirfeadh iarratasóirí eochair isteach le suíomhanna na gcarachtar agus an tseit a thaispeáint.

### Ceist 3 (b) – Comhairle an stiúrthóra – Giúmar agus Comhthéacs

Iarrtar ar an dalta ról an stiúrthóra a ghlacadh sa cheist seo.

Is é an stiúrthóir an duine atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar stáitsiú dráma agus gach gné den léiriúchán a tharraingt le chéile. Bíonn stiúrthóir ag léirmhíniú théacs an drámadóra do na haisteoirí, briseann sé an script anuas trí anailís a dhéanamh ar an inneachar agus é a mhíniú. Ba chóir don stiúrthóir nótaí mionchruinne a thabhairt don fhoireann le linn na gcleachtaí.

Is é ról an stiúrthóra ná:

- cinneadh a dhéanamh ar léirmhíniú an téacs agus déan anailís ar an script le struchtúr agus brí an dráma a fháil amach;
- gach carachtar a thuiscint i dtéarmaí na scrípte agus na riachtanais a chuireann an carachtar sin ar an aisteoir araon;
- bheith ábalta giúmar an dráma a thuiscint agus an dóigh lena fhíorú i dtéarmaí spás deartha agus amharclannaíochta;
- bheith ábalta an dráma a fheiceáil i dtéarmaí aicsean fisiceach agus briathartha araon.

### Ceist 3 (c) – úsáid gutha, gluaiseachta agus gothaí gnúise.

Is ceist taibhithe seo agus iarrtar ar an dalta ról an aisteora a ghlacadh.

### Úsáid gothaí gnúise, gutha nó gluaiseachta mar aisteoir – Ceist 3 (c)

#### Guth:

Ní mór d'aisteoir an script a léirmhíniú leis an ghuth trí na rudaí seo a leanas a úsáid:

- treise – an ton a athrú ar shiolla, ar fhocal nó ar fhrása ar leith;
- atonadh – sciorradh aníos agus anuas an ghutha;
- luas – mall, meánach agus gasta;
- sos – an t-uainiú ar an spás idir na focail;
- fuaim – níos airde agus níos boige.

#### Gluaiseacht:

Ní mór d'aisteoir script a léirmhíniú trí úsáid gluaiseachta agus gotha:

- bealaí amach agus bealaí isteach a úsáid;
- siúl – luas agus uainiú an tsiúil;
- gothaí – gluaiseachtaí na láimhe, na ngéag agus an chinn;
- troscán stáitse agus fearas a úsáid;
- gluaiseachtaí cóiréagrafaithe agus comhrac stáitse.

#### Gothaí Gnúise:

Caithfidh aisteoir script a léirmhíniú trí úsáid a g(h)núise:

- úsáid na súl – á gcaolú, á leathnú srl.;
- úsáid an éadain – á ardú, á ísliú, muc ar gach mala;
- úsáid na malaí – á n-ardú agus á n-íslíú, le púic a chur agus iontas a léiriú;
- úsáid an bhéil – cruthanna d'athraithe ar gothaí gnúise;
- freagairtí leis an aghaidh iomlán – giúmar a léiriú.

